Is í Forbairt Tuaithe na Gaillimhe an Clárfheidhmeoir do chontae uile na Gaillimhe agus is é Coiste Forbartha Pobail Áitiúil na Gaillimhe a dhéanann í a bhainistiú le tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.



*Labhair agus Eist,  
Bí Ann,  
Braith Nasctha*



Déan an rud is féidir leat,  
Bain sult as an méid a dhéanann tú,  
Bog do ghiúmar



Cuimhnigh ar na rudaí simplí a thugann áthas duit



Glacadh le heispéiris nua, deiseanna a fheiceáil, iontas ort féin



Do chuid ama, do chuid focal, láithreach a bheith agat

## An 5 Bhealach Chun Folláine:

Tá an 5 bhealach chun Folláine curtha i bhfeidhm ar fud an domhain chun cuidiú le daoine gníomhú chun a bhfolláine meabhairshláinte agus fhisiciúil a fheabhsú.

1. **Ceangail:** Caidreamh Dearfach a Chothú.
2. **Bí Gníomhach:** Bogadh chun Aireachtáil go maith.
3. **Tabhair Nithe ar Aird:** Bain sult as an Uain.
4. **Bí ag Foghlaim:** Leathnaigh an Intinn.
5. **Roinn:** Sásamh a bhaint as Cúnamh a Thabhairt do Dhaoine eile.

Nuair a théann tú i mbun na gcéimeanna dearfacha seo, d'fhéadfadh siad mar a smaoiníonn tú, mar a mhothaíonn tú agus mar a iompraíonn tú tú féin a athrú agus de réir a chéile beidh tú níos láidre ó thaobh mothúchán agus meabhrach. Tá “5 Bhealach chun Folláine” simplí, indéanta agus tá teacht ag gach duine go héasca orthu.

D'fhorbair The New Economics Foundation (NEF) an 5 bhealach chun Folláine in 2008. Tarraingíodh ar ábhar ón taighde is déanaí sa teoiric a rinneadh maidir le folláine feadh saoil.

### Arna Rochtain:

<https://www.mentalhealthireland.ie/five-ways-to-wellbeing/>

## Ceangail



*Labhair agus Eist,  
Bí Ann,  
Braith Nasctha*

Tá sé tábhachtach go ndéanann tú ceangal leis na daoine atá timpeall ort. Bíodh sin do theaghlach, cairde, comhghleacaithe oibre, cairde ón scoil, comharsana sa bhaile nó daoine i do phobal áitiúil.

Tríd na ceangail sin a chruthú agus a choinneáil, tabharfar tacaíocht do do mheabhairshláinte agus cuirfear cosc ar mhothúcháin uaignis. Is riachtanas daonna é go n-airíonn muid gar do dhaoine eile agus go n-airíonn muid go bhfuil meas ag daoine eile orainn. Tá caidreamh sóisialta ríthábhachtach chun tacú le folláine agus is féidir leis an gcaidreamh sóisialta sin cuidiú leis an mbaol go mbeidh galar meabhrach ann. Seo roinnt nod agus smaointe maidir le mar a dhéantar ceangal le daoine:

- Glaoigh ar dhuine seachas teachtaireacht téacs, teachtaireacht WhatsApp/Viber/Facebook nó ríomhphost a sheoladh.
- Labhair le duine nua, cuidíonn le haithne a chur ar dhaoine.
- Iarr ar dhuine éigin faoin lá atá á chaitheamh acu agus bí cúramach go n-éisteann tú leis an bhfreagra.
- Socraigh chun bualadh le dlúthchara, duine muinteartha nó comhghleacaí.
- Leag uait an guthán/IPad nuair atá tú ag labhairt le duine.

**Arna Rochtain:**  
[www.alive2thrive.ie](http://www.alive2thrive.ie)

## Bí Gníomhach



Déan an rud is féidir leat,  
Bain suíl as an méid a dhéanann tú,  
Bog do giúmar

Téann aclaíocht rialta go mór chun tairbhe cholainn an duine. Chomh maith leis sin, tá sé ar cheann de na bealaí is éifeachtaí chun do mheabhairshláinte a fheabhsú. Is féidir tionchar thar a bheith dearfach a bheith ag aclaíocht rialta ar dhúlagar, imní, ADHD, taomanna scaoil agus go leor eile. Nuair a dhéanann tú aclaíocht, laghdaíonn sé strus, feabhsaíonn sé an chuimhne, cabhraíonn sé leat codladh níos fearr agus cuireann sé go mór le giúmar ginearálta an duine. Moltar gur cheart dúinn 30 nóiméad aclaíochta a dhéanamh gach lá.

Dá bhrí sin, nuair a théann tú amach ag siúl, ag rith nó ag rothaíocht téann sé go mór chun leasa meabharshláinte agus sláinte choirp an duine. Níos tábhachtaí ná aon ní eile, ba cheart duit féachaint le gníomhaíocht choirp nua a aimsiú, a thaitníonn leat agus a oireann do do leibhéal luaineachta agus aclaíochta. Tá aclaíocht ríthábhachtach ó thaobh meath cognaíochta atá bainteach le haois a mhoilliú agus chun folláine a chur chun cinn. Ní gá go mbeadh sé an-dian chun torthaí a bhaint amach – is féidir le gníomhaíochtaí a ghluaiseann ar aghaidh níos moille, amhail siúl, garraíodóireacht, ióga, pilates, srl., idirghníomhaíochtaí sóisialta dearfacha a chruthú chomh maith le buntáistí aclaíochta fisiciúla agus meabhrach a chur ar fáil.

### Arna Rochtain:

<https://www.helpguide.org/articles/healthy-living/the-mental-health-benefits-of-exercise.htm>

## Tabhair Nithe ar Aird



Cuimhnigh ar na rudaí simplí a thugann áthas duit

Bí fiosrach agus téigh sa seans. Téigh amach le linn na séasúr uile agus bain sult as na hathruithe a bhaineann leis na séasúir éagsúla. Féach timpeall ort agus tabhair ar aird an timpeallacht atá thart ort.

Bain sult as an uain is tú ag siúl go dtí an scoil, ag ithe lóin nó ag caint le cairde. Bí eolach faoin domhan atá timpeall ort agus faoi mar a mhothaíonn tú. Má smaoiníonn tú ar do chuid eispéaras féin, cuideoidh sé leat a bhfuil tábhachtach duit a thuiscint. Tá sé tábhachtach go dtugann tú an domhan atá thart ort faoi deara faoi láthair mar is féidir leis sin cur le d'fholláine. Is minic a chuireann muid am amú ag déanamh imní agus d'fhéadfadh sin éadóchas a chur orainn. Bíonn sé de nós againn am a chur amú ag dul siar ar bhóithrín na smaointe nó ag pleanáil don todhchaí in ionad bheith ag baint sult as an am i láthair.

Cuideoidh na céimeanna seo a leanas le d'fholláine:

- Déan iarracht chun dul amach ag siúl gach lá agus déan iarracht d'aon ghnó lena bhfuil thart ort a thabhairt ar aird de réir mar a shiúlann tú.
- Bí ar an eolas faoi mar atá daoine eile ag mothú.
- Féach le do limistéar, do bhaile agus do thimpeallacht a choinneáil saor ó thranglam.
- Leag 10 nóiméad amach gach lá chun aireachas a chleachtadh agus chun d'anáil a tharraingt.

**Arna Rochtain:**

## Bí ag Foghlaim

**Bí ag  
FOGHLAIM**

Glacadh le heispéiris  
nua, deiseanna a  
fheiceáil, iontas ort  
féin

Beag beann ar d'aois, cultúr, inscne nó má tá tú ag staidéar, ag obair nó éirithe as, is straitéis mhaith í aclaíocht intinne a dhéanamh ar mhaithe le do mheabhairshláinte a chothú. Bíonn sé deacair tascanna nua agus dúshlánacha a fhoghlaim ach d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach agus le himeacht aimsire, suaimhneach, nuair a thugann muid faoi rudaí atá dúshlánach dúinn. An toradh is tábhachtaí go bhfuil cur chuige gníomhach á ghlacadh againn chun aire a thabhairt dúinn féin agus ár meabhairshláinte ach go háirithe.

Ba cheart duit dúshlán a shocrú a mbainfidh tú sult as. Nuair a bhíonn muid ag foghlaim rudaí nua, bíonn muid níos muiníní mar dhaoine agus is minic a bhíonn spraoi ag baint le rudaí nua a fhoghlaim. Cuireann foghlaim leanúnach le linn an tsaol le féinmheas agus spreagtar idirghníomhaíocht shóisialta le daoine eile, a chuireann go mór leis an seans go gcaithfidh muid saol gníomhach fada agus sásta. Nuair a fhreastalaítear ar rang oíche nó nuair a thugtar faoi chaitheamh aimsire nó gníomhaíochta nua, deis iontach atá ann chun d'fholláine a chosaint.

Ba cheart duit a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht thaitneamhach amhail conas uirlis nua a sheinm, caitheamh aimsire nua a thosú amhail grianghrafadóireacht nó dul i mbun oideachas foirmeálta/neamhfhoirmeálta amhail teanga nua a fhoghlaim.

**Arna Rochtain:**

<https://www.mentalhealthireland.ie/five-ways-to-wellbeing>

## Roinn

Tá sé cruthaithe go gcabhraíonn rannpháirtíocht sa phobal amhail obair dheonach a dhéanamh le folláine an duine. Léirítear i staidéar gur féidir le gníomh cineálta a dhéanamh uair sa tseachtain thar thréimhse 6 seachtaine folláine an duine a mhéadú.

### Roinn

*Do chuid ama,  
do chuid focal,  
láithreach a  
bheith agat*

Dá bhrí sin, trí rud éigin deas a dhéanamh do chara nó do strainséir, trí bhuíochas a ghlacadh le duine, trí mhiongháire a bheith ort nó trí do chuid ama a thabhairt chun cabhrú le daoine eile, is féidir leis na nithe sin cur le d'fholláine agus féinmhuinín.

Bí ag faire ort féin agus ar an saol lasmuigh díot féin. Nuair a thuigfidh tú go bhfuil do ceangal idir chomh sona is atá tú agus an pobal i gcoitinne, is féidir leis a bheith thar a bheith tairbheach agus cruthaíonn sin dlúthcheangail leis na daoine atá thart ort.

Do chuid ama

Do chuid focal

Tú a bheith i láithair

**Arna Rochtain:**

<http://www.alive2thrive.ie/>



# Liosta Seirbhísí Tacaíochta, Eagraíochtaí agus Acmhainní Úsáideacha, Gaillimh 2019

## Seirbhísí Éigeandála & Línte Cabhrach

### Cumann Alzheimer na hÉireann

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Oibríonn Cumann Alzheimer na hÉireann le daoine a bhfuil néaltrú orthu agus lena dteaghlaigh. I measc na seirbhísí a chuireann muid ar fáil tá cúram baile, ionaid chúraim lae, grúpaí tacaíochta agus comhairleoir néaltraithe.

#### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
1800 341341  
**Ríomhphost:**  
helpline@alzheimer.ie

### AMEN

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann AMEN líne chabhrach rúnda, faisnéis agus seirbhís tacaíochta ar fáil d'fhir a d'fhulaing foréigean sa bhaile agus a leanaí.

#### Sonraí Teagmhála:

**Líne Chabhrach:**  
046 902 3718  
Luan-Aoine 9am-5pm  
**Ríomhphost:**  
info@amen.ie

### AWARE

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann Aware seirbhísí tacaíochta ar fáil a bhfuil teacht ag daoine aonair atá ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar an taithí atá acu féin ar an ísle brí nó ar an dúlagar dépholach astu féin, agus a bhfuil teacht ag daoine a bhfuil inní orthu faoi dhuine muinteartha leo.

#### Sonraí Teagmhála:

**Uimhir Shaorghlao na Líne Cabhraí:** 1800 80 48 48  
Dé Luain-Dé Domhnaigh  
10am-10pm  
**Seirbhís Tacaíochta Ríomhphoist:**  
supportmail@aware.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.aware.ie](http://www.aware.ie)

## Bodywhys

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann Bodywhys cúnamh, tacaíocht agus tuiscint ar fáil do dhaoine a bhfuil neamhord itheacháin ag cur as dóibh.

### Sonraí Teagmhála:

**Líne Chabhrach Áitiúil:**  
1890 200 444  
**Ríomhphost:**  
alex@bodywhys.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.bodywhys.ie](http://www.bodywhys.ie)

## Líne Chabhrach na Leanaí

### Tuairisc na Seirbhíse:

Líne theileafóin rúnda do leanaí agus do dhaoine óga.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
1800 666 666  
Tá comhrá duine le duine ar fáil chomh maith tríd an láithreán gréasáin  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.childline.ie](http://www.childline.ie)

## Tearmann & Tacaíocht Foréigin Teaghlaigh

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cóiríocht do Theifigh.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
091 565 985

## Líne Chabhrach Rúnda an Gharda Síochána

### Tuairisc na Seirbhíse:

Tugtar deis don phobal gaoch a chur ar na Gardaí agus eolas maidir le coiriúlacht nó nithe eile a thabhairt.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
1800 666 111

## Líne Chabhrach Struis Maidir le Cúrsaí Feirme & Cúrsaí Faoin Tuath

### Tuairisc na Seirbhíse:

Glacfaidh duine gairmiúil oilte le do ghlaoch agus labhróidh siad leat faoi rún.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
1800 742 645

## Seirbhís FSS Chun Daoine Aosta a Chosaint

### Tuairisc na Seirbhíse:

Freagraítear inní maidir le drochíde do sheandaoine agus neamhchúram. Cuirfidh Líne Faisnéise FSS tú i dteagmháil le foireann i do cheantar.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
1850 241 850  
Luan-Satharn 8am-8pm  
**Ríomhphost:**  
info@hse.ie

## Líne Theileafóin & Seirbhís Comhairleoireachta *IFA-Pieta House Mind Our Farm Families*

### Tuairisc na Seirbhíse:

Is líne theileafóin thiomnaithe in aghaidh féinmharú agus féindochair í Mind Our Farm Families atá i bhfeidhm idir an IFA agus Pieta House. Leis an líne theileafóin seo, cuirfear feirmeoirí agus a dteaghlaigh i dteagmháil le teiripeoir oílte de chuid Pieta House.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
1890 130 022

## Seirbhís Bhuiséadta & Chomhairle Airgid (*MABS*)

### Tuairisc na Seirbhíse:

Seirbhís náisiúnta neamhspleách atá saor in aisce agus faoi rún do dhaoine a bhfuil fiacha orthu nó daoine a bhfuil an baol ann go rachaidh siad i bhfiacha.

### Sonraí Teagmhála:

**Líne Chabhrach:**  
0761 072 000  
Luan-Aoine 9am-8pm  
0761 072 570  
**Ríomhphost:**  
galway@mabs.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.mabs.ie](http://www.mabs.ie)

## Parentline

### Tuairisc na Seirbhíse:

Líne chabhrach rúnda do thuismitheoirí agus caomhnóirí.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 1890 927277  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.parentline.ie](http://www.parentline.ie)

## Seirbhísí Méala Pieta

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuirtear tacaíocht agus comhairleoireacht ar fáil do dhaoine a bhfuil daoine muinteartha leo tar éis iad féin a mharú.

### Sonraí Teagmhála:

**Líne Chabhrach:**  
1800 247 247  
091 502921 (*Galway*)

## Ionad Éigeandála um Éigniú na Gaillimhe

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann an tIonad seirbhís comhairleoireachta ghairmiúil, chomhbhách agus rúnda ar fáil do dhaoine sa bpobal a bhfuil drochúsáid ghnéasach agus foréigean gnéasach ag cur as dóibh. Oibríonn siad freisin chun deireadh a chur leis an gcaoi a nglactar le foréigean gnéasach sa chultúr agus sa tsochaí trí abhcóideacht, feasacht a ardú agus cláracha oideachais.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 091 564800  
**Líne Chabhrach:** 1800 355355  
Luan-Aoine 8am-7pm  
Satharn 9am-4pm  
**Ríomhphost:**  
administrator@galwayrcc.org  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.galwayrcc.org](http://www.galwayrcc.org)

## Na Samáraig

### Tuairisc na Seirbhíse:

Dírthe ar mhothúcháin uaignis agus choimhthís a d'fhéadfadh féinmharú a spreagadh a laghdú.

### Sonraí Teagmhála:

**Saorghlao:** 116 123  
**Teileafón:** 091 561222  
(*Galway*)  
**Ríomhphost:** jo@samaritans.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.samaritans.org](http://www.samaritans.org)

## Líne Chabhrach na Sinsear

### Tuairisc na Seirbhíse:

Seirbhís éisteachta do dhaoine aosta, á reáchtáil ag daoine aosta.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 1850 440444  
**Ríomhphost:**  
info@thirdageireland.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.thirdageireland.ie](http://www.thirdageireland.ie)

## Líne cúnaimh le Féinmharú a Chosc (*Pieta House*)

### Description of Services:

Líne cúnaimh le súil féinmharú a chosc d'aon duine atá ag smaoineamh lámh a chur ina mbás féin nó daoine a bhfuil duine muinteartha leo tar éis iad féin a mharú.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 1800 247 247

## Seirbhísí Faisnéise & Seirbhísí Áitiúla Contae

### Alcóláigh Gan Ainm

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Is éard atá i gceist le hAlcóláigh Gan Ainm comhbhráithreachas fear agus ban a roinneann a dtaithe lena chéile, a thugann misneach agus dóchas dá chéile ionas gur féidir leo féachaint leis an bhfadhb choitinn atá acu a réiteach agus cuidiú le daoine eile teacht ar ais chucu féin ó alcólachas.

#### Sonraí Teagmhála:

##### Teileafón:

Connachta: 091 76777  
Gaillimh: 085 7537100  
(12 meánlae go 10pm gach lá)

Cruinnithe ar fáil i roinnt mhaith ceantar.

### Aware - Grúpaí Tacaíochta agus Féinchabhrach

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Piarghrúpa tacaíochta Aware chun áit shábháilte a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil an galar dubhach ag dul dóibh chun tacaíocht agus comhairle a lorg.

#### Sonraí Teagmhála:

Teach Danesfield,  
23 Bóthar na Mara,  
Cathair na Gaillimhe,  
Co. na Gaillimhe.  
Gach Céadaoin ag 8pm  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.aware.ie](http://www.aware.ie)

### Ionad Eolais do Shaoránaigh

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann an tIonad Eolais do Shaoránaigh seirbhísí eolais, comhairleoireachta agus abhcóideachta ar fáil nó cúnaimh maidir le foirm a chomhlánú. Is seirbhís saor in aisce faoi rún daingean agus neamhspleách í seo.

#### Sonraí Teagmhála:

##### Teileafón:

076 107 7600

### Comhairleoireacht i gCúram Príomhúil (CIPC), HSE

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuirtear comhairleoireacht ghearrthéarmach ar fáil (suas le 8 seisiún) in éineacht le comhairleoir gairmiúil atá cáilithe agus creidiúnaithe go cúí. Tá an tseirbhís seo ar fáil saor in aisce do dhaoine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine agus a bhfuil cárta iomlán leighis acu.

#### Sonraí Teagmhála:

Is féidir le ball den Fhoireann Cúraim Phríomhúil tú a chur ar aghaidh chuig an tseirbhís seo e.g. GP, Altra Sláinte Poiblí.

**Teileafón:** 091 583682

## Dédhiagnóis Éireann Andúil agus Galar Meabhrach:

### Tuairisc na Seirbhíse:

Eagraíocht dírithe ar sheirbhísí a fheabhsú do dhaoine a bhfuil dédhiagnóis faighte acu.

### Sonraí Teagmhála:

**Ríomhphost:**  
info@dualdiagnosis.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.dualdiagnosis.ie](http://www.dualdiagnosis.ie)

## Cearrbhaigh gan Aim & Gam-Anon

### Tuairisc na Seirbhíse:

Fir agus mná a thagann le chéile chun rud éigin a dhéanamh faoina gcuid fadhbanna cearrbhachais féin agus chun cuidiú le cearrbhaigh neamhshrianta eile chun rud éigin a dhéanamh freisin. Is d'fhir chéile, mná céile, daoine muinteartha nó dlúthchairde a ndeachaigh fadhb cearrbhachais chun dochair dóibh an eagraíocht seo.

### Sonraí Teagmhála:

**Cearrbhaigh gan Aim:** Gaillimh:  
086 349 4450  
**Ríomhphost na Gaillimhe:**  
galwayga@gmail.com  
**Ríomhphost Náisiúnta:**  
info@gamblersanonymous.ie  
**Gam-Anon:**  
Teach Ozanam,  
Sráid San Aibhistín, Gaillimh.  
Tagann an grúpa Gam-Anon seo le chéile an dara Luan de gach mí.

## HSE Tacaíocht chun Féinmharú a Chosc do Chathair & Chontae na Gaillimhe

### Tuairisc na Seirbhíse:

Connecting for Life Plean Gníomhaíochta um Féinmharú a Chosc na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin 2018-2020 a chomhordú agus a chur i bhfeidhm i nGaillimh.

### Sonraí Teagmhála:

Mary O'Sullivan 091 560182  
**Ríomhphost:** mary.osullivan@hse.ie  
Mary McGrath 090 666 5071  
**Ríomhphost:** mary.mcgrath9@hse.ie  
**Fiosruithe maidir le hOiliúint:**  
srotraining.gmr@hse.ie

## Grúpa Tacaíochta do Thuismitheoirí LGBT

### Tuairisc na Seirbhíse:

Líonra agus piarghrúpa tacaíochta i gCathair agus i gContae na Gaillimhe do theaghlaigh a bhfuil Leispiach, duine Aerach, Déghnéasach nó Trasinscneach (*LGCBT*) sa teaghlach.

### Sonraí Teagmhála:

**Ríomhphost:**  
info@amachlgbt.com  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.amachlgbt.com](http://www.amachlgbt.com)

## Seirbhísí Leighis & Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis (SATU)

### Tuairisc na Seirbhíse:

Seirbhís atá ar fáil do dhaoine a éigníodh nó ar deineadh ionsaí gnéis orthu atá san Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis (SATU).

### Sonraí Teagmhála:

**Líne Chabhrach:** 091 765751  
**Uaireanta Oscailte don Líne Chabhraigh:**  
 Luan-Aoine 8am-4.30pm  
**Uimhir Ghutháin:**  
 087 6338118  
**SPEISIALTÓIR ALTRAÍ:**  
**Uimhir Ghutháin:**  
 087 6805862  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.saolta.ie/satu](http://www.saolta.ie/satu)

## Bothán na bhFear

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cabhraíonn bothán na bhfear le fir as gach cúlra chun saol níos sásta, níos sláintiúla agus níos táirgiúla a chaitheamh. Tá liosta de na botháin áitiúla ar fud na hÉireann le fáil ó Cheannoifig Bhothán na bhFear.

**Teileafón:**  
 01 891 6150  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.menssheds.ie](http://www.menssheds.ie)

## Seirbhís Bhuiséadta & Chomhairle Airgid (MABS)

### Tuairisc na Seirbhíse:

Seirbhís náisiúnta neamhspleách saor in aisce agus faoi rún do dhaoine a bhfuil fiacha orthu nó daoine a bhfuil an baol ann go rachaidh siad i bhfiacha.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
 Gaillimh/Tuaim: 076 107 2560  
 MABS na Gaillimhe Theas,  
 Baile Locha Riach:  
 076 107 2580

## Nurture

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann Nurture comhairleoireacht agus tacaíocht ghairmiúil ar fáil i réimse meabhairshláinte máithreacha maidir le giniúint, toircheas agus breith clainne.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
01 843 0930  
*(le coinne a dhéanamh in ionad Chathair na Gaillimhe)*  
**Ríomhphost:**  
info@nurturecharity.org  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.nurturecharity.org](http://www.nurturecharity.org)

## Pieta House Thiar, Sráid an Easpaig, Tuaim, Gaillimh

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann Pieta House seirbhís tacaíochta theiripeach ar fáil do dhaoine atá ag smaoineamh lámh a chur ina mbás féin nó atá ag déanamh díobhála dóibh féin.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 093 25586  
**Ríomhphost:** mary@pieta.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.pieta.ie](http://www.pieta.ie)

## Ionad d'Oibrithe Deonacha na Gaillimhe

### Tuairisc na Seirbhíse:

Féadfaidh duine ar bith a bhfuil spéis acu níos mó a fhoghlaim faoi obair dheonach, gan gá dóibh gealltanais a thabhairt, eolas a fháil ar réimse leathan deiseanna d'oibrithe deonacha agus comhairle agus tacaíocht a fháil maidir leis na deiseanna a fheilfidh duitse a fháil ó Ionad d'Oibrithe Deonacha na Gaillimhe.

### Sonraí Teagmhála:

**Uimhir Ghutháin:**  
091 581727  
**Ríomhphost:**  
info@volunteergalway.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.volunteergalway.ie](http://www.volunteergalway.ie)

## Cúnamh do Mhná

### Tuairisc na Seirbhíse:

Eagraíocht náisiúnta deonach a chuireann tacaíocht agus eolas ar fáil do mhná agus a leanaí a bhfuil drochíde coirp, intinne, airgeadais nó mí-úsáid ghnéis á ndéanamh orthu sa bhaile.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
1800 341 900  
Gach Lá 10am-10pm  
**Ríomhphost:**  
info@womensaid.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.womensaid.ie](http://www.womensaid.ie)



## Seirbhísí & Tacaíocht do Meabhairshláinte: Ginearálta

### Forbairt Tuaithe na Gaillimhe

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe a chuireann an oiliúint seo ar fáil do ghrúpaí pobail. Cleachtadh folláine iomlánaíoch simplí é Capacitar a chuidíonn le daoine ceangal a dhéanamh leis an eagna a bhaineann lena gcolainn, intinn agus sprid.

#### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
Aobheann McCann  
091 844335  
**Ríomhphost:**  
amccann@grd.ie

### GROW in Éirinn

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Grúpa tacaíochta féinchabhrach faoi rún do dhaoine a bhfuil réimse fadhbanna meabhairshláinte acu.

#### Sonraí Teagmhála:

**Líne Eolais:** 1890 474 474  
**Ríomhphost:** info@grow.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.grow.ie](http://www.grow.ie)

### Líonra Abhcóideachta na hÉireann

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Seirbhís Tacaíochta agus Eolais do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Tairgtear píar-abhcóideacht, oiliúint feasachta agus tacaíocht do theaghligh.

#### Sonraí Teagmhála:

**Ríomhphost:**  
admin@irishadvocacynetwork.com  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.irishadvocacynetwork.com](http://www.irishadvocacynetwork.com)

### Let's Get Talking

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Eagraíocht charthanachta nach mbaineann táille ar leith léi. Cuireann brainse na Gaillimhe seirbhís comhairleoireachta ginearálta ar fáil agus tá sé ar chumas an bhrairse sin sainteiripí síceolaíochta i réimsí ar leith a chur ar fáil chomh maith. Teiripeoirí a bhfuil taithí chuimsitheach acu sna réimsí sin agus atá ar conradh ag an ionad a chuireann na teiripí seo ar fáil. Reáchtálann muid grúpaí tacaíochta agus síocoideachais do dhaoine a bhfuil dúshlán éagsúla agus dúshlán ar leith le sárú acu. Oscailte Luan-Aoine 9am-6pm.

#### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
091 756500  
**Ríomhphost:**  
letsgettalkinggalway@gmail.com  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.letsgettalking.ie](http://www.letsgettalking.ie)

## A Lust for Life

### Tuairisc na Seirbhíse:

Gluaiseacht folláine in Éirinn a bunaíodh chun mar a labhraíonn muid faoi mheabhairshláinte agus mar a chaitheann muid le meabhairshláinte a athrú.

### Sonraí Teagmhála:

**Ríomhphost:**  
info@alustforlife.com  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.alustforlife.com](http://www.alustforlife.com)

## Meabhairshláinte Éireann

### Tuairisc na Seirbhíse:

Meabhairshláinte agus folláine dhearfach a chur chun cinn i measc gach duine agus gach ceantar.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** Nicola Morley  
086 3837607 / 01 284 1166  
**Ríomhphost:**  
nicola@mentalhealthireland.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.mentalhealthireland.ie/](http://www.mentalhealthireland.ie/)

## Cumhacht na bhFocal

### Tuairisc na Seirbhíse:

Do Mheabhairshláinte a Chothú Trí Léitheoireacht - Cumhacht na bhFocal - leabhair fholláine ó do leabharlann áitiúil.

### Sonraí Teagmhála:

**Láithreán Gréasáin:**  
[www.hse.ie/eng/services/list/4/Mental\\_Health\\_Services/powerofwords/](http://www.hse.ie/eng/services/list/4/Mental_Health_Services/powerofwords/)

## Pieta House

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann Pieta House seirbhís tacaíochta theiripeach saor in aisce ar fáil do dhaoine atá ag smaoiniamh lámh a chur ina mbás féin nó atá ag déanamh díobhála dóibh féin.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 01 6235 606  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.pieta.ie/](http://www.pieta.ie/)

## SHINE

### Tuairisc na Seirbhíse:

Dírthe ar chearta na daoine a bhfuil galar meabhrach seasmhach orthu a chaomhnú agus dul i ngleic le riachtanais na ndaoine sin, lena n-áirítear, ach ní go heiseach, scitsifréine, neamhord scitseamothachtálach agus neamhord dépholach.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 01 860 1620  
Christina Burke 086 8525157  
(*Gaillimh/Maigh Eo*)  
**Ríomhphost:**  
phil@shineonline.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.shine.ie](http://www.shine.ie)

## Imní Shóisialta Éireann

### Tuairisc na Seirbhíse:

Is cineál an-choitianta de neamhord imní sóisialta (*SAD*) é imní shóisialta, a dtugtar fóibe shóisialta air uaireanta, a mhúsclaíonn imní i ndaoine ina gcaidreamh sóisialta sa ghnáthshaol.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
085 2168981  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.socialanxietyireland.com](http://www.socialanxietyireland.com)

## Seirbhísí Faisnéise & Seirbhísí Teaghlai

### Ionad Acmhainní do Theaghlai

#### Tuairisc na Seirbhíse:

1. Ard - I gCathair na Gaillimhe
2. Clann - Uchtar Ard
3. An Gort
4. Solas - Áth Cinn
5. Baile Locha Riach

Chun dul i ngleic le míbhuntáiste agus tacaíocht a thabhairt do theaghlai agus pobail a neartú trí phrionsabail forbartha pobail.

#### Sonraí Teagmhála:

**Uimhir Guthán:**  
Ard 091 768852  
Clann 091 557633  
Gort 091 630902  
Solas 093 36446  
Baile Locha Riach 091 871149  
**Ríomhphost:**  
martina@ardfrc.com  
clanninfo@gmail.com  
cordinator@gortfrc.com  
solasfrc@eircom.net  
loughreafrc@eircom.net

## Anam Cara

### Tuairisc na Seirbhíse:

Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí a bhfuair páiste leo bás trí ghrúpaí tacaíochta a shocrú ina mbeidh deis acu ceangal a dhéanamh lena chéile i dtimpeallacht shábháilte agus chompordach.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 01 4045378  
**Ríomhphost:**  
info@anamcara.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.anamcara.ie](http://www.anamcara.ie)

## Horses Connect

### Tuairisc na Seirbhíse:

Déanann Horses Connect cláracha aonair maidir le Marcaíocht Theiripeach ar Chapall agus Scileanna Marcaíochta a leagan amach agus a chur ar fáil do dhaoine de gach aois a bhfuil réimse leathan dúshlán acu.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:**  
Eileen Bennett 0857363047  
**Ríomhphost:**  
info@horseconnect.com

## IFA – Acmhainní do Theaghlaigh Feirme

### Tuairisc na Seirbhíse:

Feirmeoirí atá ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin mhéadaitheacha maidir le hioncaim laghdaithe, costais níos airde, rialacháin mhéadaitheacha, aimsir nach féidir brath uirthi, iargúlacht agus uaireanta fada oibre. Foghlaim conas siomptóim a bhaineann le strus a aithint, na cúiseanna a aithint agus céimeanna a ghlacadh chun strus a laghdú agus a bhainistiú. Tríd an trí rud seo a dhéanamh, cuirfidh tú le do chaighdeán saoil agus beidh d'fheirm níos sábháilte.

### Sonraí Teagmhála:

**Láithreán Gréasáin:**  
[www.ifa.ie/cross-sectors/farm-family/mental-health/](http://www.ifa.ie/cross-sectors/farm-family/mental-health/)

## Living Links

### Tuairisc na Seirbhíse:

Tacaíocht for-rochtana theanntásach do dhaoine a bhfuil daoine muinteartha leo tar éis lámh a chur ina mbás féin.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 087 412 2052  
**Ríomhphost:** [Livinglinks.irl@gmail.com](mailto:Livinglinks.irl@gmail.com)  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.livinglinks.ie/](http://www.livinglinks.ie/)

## Líonra Náisiúnta Tacaíochta Teaghlaigh

### Tuairisc na Seirbhíse:

Tacaíocht a thabhairt do dhuine den teaghlach atá ag maireachtáil le mí-úsáid substaintí.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 01 898 0148  
**Ríomhphost:** [info@fsn.ie](mailto:info@fsn.ie)  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.fsn.ie](http://www.fsn.ie)

## Reachout.com

### Tuairisc na Seirbhíse:

Acmhainní ar líne do thuismitheoirí ina gcuirtear eolas agus treoir ar fáil dóibh maidir le meabhairshláinte nó folláine a mic nó a n-iníne.

### Sonraí Teagmhála:

**Láithreán Gréasáin:**  
<http://ie.reachout.com/parents/>

## Seirbhísí Faisnéise & Seirbhísí Daoine Óga

### Foróige Big Brother Big Sister

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann Foróige réimse seirbhísí oibre don óige agus tionscadal don óige ar fáil, lena n-áirítear an Clár Meantóireachta Big Brother, Big Sister. Tá go leor clubanna óige á reáchtáil ag Foróige i gContae na Gaillimhe chomh maith.

#### Sonraí Teagmhála:

**Uimhir Ghutháin:** 091 561002  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.foroige.ie](http://www.foroige.ie)

Contact the Regional Youth Officer, Gerry Prior on 086 2478007

### Caifé Óige Chathair na Gaillimhe Bóthar Fhaiche an Aonaigh, Cathair na Gaillimhe

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Is timpeallacht shábháilte agus chairdiúil Caifé Óige na Cathrach do dhéagóirí níos sine, idir 14-18 mbliana d'aois, chun bualadh isteach agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ealaín-bhunaithe. Tairgtear damhsa, spás inar féidir le bannaí a bheith ag cleachtadh, léiriúchán ceoil, taifeadadh fuaimne, amharc-ealaíona, déanamh scannán. Spreagtar daoine óga chun iad féin a chur in iúl ar bhonn aonair nó i ngrúpaí. Dírítear ar fheasacht faoi Dhrugaí agus Alcóil agus cuirtear cláracha ceannaireachta ar fáil do dhéagóirí níos sine ar fud na Cathrach. Tairgeann an Caifé Óige go leor cláracha, arna reáchtáil ag Foróige & comhpháirtithe. Tagaigí isteach agus bígí páirteach.

#### Sonraí Teagmhála:

Tara Gannon 091 535370  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.foroige.ie](http://www.foroige.ie)

### Headstrong

#### Tuairisc na Seirbhíse:

An tIonad Meabhairshláinte Óige Náisiúnta.

#### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 01 472 7010  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.headstrong.ie](http://www.headstrong.ie)

## Caifé Óige Zone an Ghoirt

### Tuairisc na Seirbhíse:

Is i gCaifé Óige Zone an Ghoirt atá Seirbhís Óige an Ghoirt lonnaithe. Reáchtálann an Caifé Óige clár ama atá lán le gníomhaíochtaí.

### Sonraí Teagmhála:

**Uimhir Ghutháin:**  
086 7741623  
**Ríomhphost:**  
Ruairi.leddy@foroige.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.foroige.ie](http://www.foroige.ie)

## ISPC, Gaillimh

### Tuairisc na Seirbhíse:

Féachann an ISPC le scileanna chun déileáil le deacrachtaí agus acmhainneacht síceolaíochta a chur chun cinn i leanaí, daoine óga agus ina dteaghlach. Tairgtear tacaíocht i dteach an linbh, ar scoil nó ag áit chuí eile.

**Teileafón:** 091 532422  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.ispcc.ie](http://www.ispcc.ie)

## Jigsaw Gaillimh

### Tuairisc na Seirbhíse:

Is seirbhís faoi rún agus saor in aisce í Jigsaw do dhaoine óga 15-25 bliana d'aois atá a bhfuil cónaí orthu i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe. Dírionn muid ar thacú le daoine óga i dtaobh bealaí ar féidir leo déileáil le sonas agus donas an tsaoil. Seirbhís meabhairshláinte do dhaoine óga 15-25 bliana d'aois.

**Teileafón:**  
091 549252 / 087 7725232  
**Ríomhphost:**  
galway@jigsaw.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.jigsaw.ie/galway](http://www.jigsaw.ie/galway)

## Seirbhís Óige Uimh. 4 4 Sráid Aibhistín, Gaillimh

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann Seirbhís Óige Uimh. 4 réimse tacaíochtaí ar fáil do dhaoine óga 13-25 bliana i réimsí lena n-áirítear oideachas, sláinte choirp agus meabhairshláinte, easpa dídine a chosc agus infhostaitheacht.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 091 568483  
**Ríomhphost:**  
youthservice@no4.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.no4.ie](http://www.no4.ie)

## Caifé Óige Uachtar Ard

### Aonad 6, Sráid Camp, Uachtar Ard

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Is seirbhís buail isteach í Caifé Óige Uachtar Ard do dhaoine 10-26 bliana d'aois. Bíonn an caifé ar oscailt gach Déardaoin, Aoine agus Satharn do dhaoine óga le gur féidir leo bualadh le chéile, púl a imirt, dul ar an ngréasán, cluichí a imirt i dtimpeallacht shábháilte, ionchuimsitheach saor ó alcól agus drugaí.

#### Sonraí Teagmhála:

##### Seoladh:

Tá an Caife Óige Suite ar Shráid Camp, Uachtar Ard

##### Barry Dillon

087 6768774 / 091 578774

##### Ríomhphost:

Barrydclann@gmail.com

## Caifé Óige Phort Omna SIGN OUT

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Is spás bríomhar, mol gníomhaíochtaí, istigh agus amuigh, agus zón suaimhneach do dhaoine óga é caifé óige Sign Out. Freastalaímid ar dhaoine óga Phort Omna agus an cheantair máguaird trí Chlub Óige a chur ar siúl gach oíche Dé hAoine ar feadh dhá sheisiún. Is do dhaltáí Rang a 5 & 6 an chéad seisiún agus tagann daltaí as scoileanna náisiúnta an bealach ar fad as Lothra, Co. Thiobraid Árann ann. Is do dhaltáí atá sa 1, 2 & 3 bliain sa choláiste as Port Omna, Baile Locha Riach agus Lothra an dara seisiún. Bíonn club Arch ann gach tráthnóna Dé Máirt le haghaidh gasúir a bhfuil riachtanais speisialta acu. Bíonn club Tech Zone ar siúl Dé Céadaoin do Bhaill a bhfuil spéis acu i ríomhairí / sa Teicneolaíocht.

#### Sonraí Teagmhála:

##### Seoladh:

Tá an Caife Óige taobh thiar den VEC, Sráid Bhrigid, Port Omna.

##### Michael Maxwell

087 6779267

## shOUT!

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Cruinnithe sóisialta seachtainiúla do dhaoine LGBT+ agus daoine atá ag ceistiú, idir 14-17 agus 18-21 bhliain d'aois.

#### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 087 773 8529

##### Ríomhphost:

shout@youthworkgalway.ie

##### Láithreán Gréasáin:

[www.lgbtyouthgalway.com/](http://www.lgbtyouthgalway.com/)

[lgbt-youth-galway](http://lgbt-youth-galway)

**Facebook:** [www.facebook.com/shOUTGalway](http://www.facebook.com/shOUTGalway)

[shOUTGalway](http://shOUTGalway)

## Spun Out

### Tuairisc na Seirbhíse:

Láithreán gréasáin eolais don óige in Éirinn a chruthaigh daoine óga, do dhaoine óga. Pobal idirghníomhach ar líne a chuireann eolas sláinte agus nós maireachtála, treoracha maidir le seirbhísí tacaíochta, spás meán don óige agus ardán inar féidir le daoine óga a bheith rannpháirteach ar fáil.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 01 675 3554  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.spunout.ie](http://www.spunout.ie)

## Caifé Óige Thuama

### Tuairisc na Seirbhíse:

Is in Ionad Teaghlach Thuama atá Caifé Óige Thuama lonnaithe a reachtálann clár ama atá lán le gníomhaíochtaí

### Sonraí Teagmhála:

**Uimhir Ghutháin:** 083 3112173

## Oifigeach Óige, Bord Oideachais agus Oiliúna

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann an tOifigeach Óige forbairt clubanna agus seirbhísí óige i nGaillimh chun cinn, a thacú agus a chomhordú.

### Sonraí Teagmhála:

**Co. na Gaillimhe:**  
 Louise Ryan 091 874 539  
**Ríomhphost:**  
[louise.ryan@gretb.ie](mailto:louise.ryan@gretb.ie)  
**Cathair na Gaillimhe:**  
 Davnet McEllin 091 49411  
**Ríomhphost:**  
[davnet.mcellin@gretb.ie](mailto:davnet.mcellin@gretb.ie)

## Obair d'Ógra Éireann

### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann Obair d'Ógra Éireann réimse seirbhísí ar fáil do dhaoine óga.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 091 561 637  
**Ríomhphost:**  
[info@youthworkgalway.ie](mailto:info@youthworkgalway.ie)  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.youthworkgalway.ie](http://www.youthworkgalway.ie)

## Obair d'Ógra Éireann, Seirbhís Comhairleoireachta don Óige

### Tuairisc na Seirbhíse:

Seirbhís comhairleoireachta do dhaoine óga 12-21 bhliain d'aois. Lonnaithe i nGaillimh, Tuaim, Béal Átha na Sluaighe agus Baile Locha Riach.

### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 087 3291931  
**Ríomhphost:**  
[counselling@youthworkgalway.ie](mailto:counselling@youthworkgalway.ie)



## Seirbhísí Faisnéise & Seirbhísí Mic Léinn

### Seirbhísí Comhairleoireachta na Mac Léinn OÉ Gaillimh

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Tá tacaíocht ar fáil do mhic léinn atá in anchaoi. Tá an tseirbhís buail isteach ar oscailt gach lá i rith na seachtaine le linn an téarma agus laistigh den téarma idir 2-4pm (*is fearr teacht luath le linn an téarma mar feidhmíonn an tseirbhís ar bhonn “tús freastail ar an gceann is túisce” agus bíonn sí an-ghnóthach le linn an téarma*).

#### Sonraí Teagmhála:

Seirbhísí Comhairleoireachta na Mac Léinn,  
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh  
5 Bóthar na Drioglainne,  
An Caisleán Nua, Gaillimh.  
Mary Melia  
091 492484 Folíne. 2484  
**Ríomhphost:**  
counselling@nuigalway.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.nuigalway.ie/counsellors](http://www.nuigalway.ie/counsellors)

### Seirbhísí Comhairleoireachta na Mac Léinn G.M.I.T.

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann Seirbhísí Comhairleoireachta na Mac Léinn G.M.I.T. spás oscailte agus neamhbhreithiúnach ar fáil inar féidir cibé inní a bhíonn ar mhic léinn a phlé - inní acadúla, phearsanta nó meabhairshláinte. Coimeádtar coinní éigeandála gach lá do mhic léinn a bhfuil tacaíocht phráinneach ag teastáil uathu. Tá coinní comhairleoireachta ar fáil freisin ar Champais CCAM agus Leitir Fraic.

Chun coinní comhairleoireachta a dhéanamh ar Champas Mhaigh Eo, cuir ríomhphost nó glaoch ar an Oifig Comhairleoireachta nó buail isteach chuig an Oifig Comhairleoireachta. Am buail isteach: 11.15am-12pm gach lá. Ní gá coinní a dhéanamh le linn na n-uaireanta sin.

#### Sonraí Teagmhála:

**Campas na Gaillimhe:**  
Oifig Sheirbhísí na Mac Léinn,  
Seomra 162,  
Bóthar Bhaile Átha Cliath,  
Gaillimh.  
Dervla Fahy, Seomra 160A  
Renagh Linnane,  
Seomra 160B 091 742118

#### **Campas Mhaigh Eo:**

Oifig Comhairleoireachta,  
Bóthar Chathair na Mart,  
Caisleán an Bharraigh,  
Co. Mhaigh Eo.  
Michelle Kerins O'Brien,  
Seomra 111 094 904 3127  
**Ríomhphost:**  
michellekerinsobrien@gmit.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.gmit.ie/general/  
counselling-services-gmit](http://www.gmit.ie/general/counselling-services-gmit)

## Seirbhísí Faisnéise & Seirbhísí Sexuality

### BeLong To Seirbhísí do Dhaoine Óga

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Eagraíocht náisiúnta a thugann tacaíocht do dhaoine óga ar Leispiacha, Daoine Aeracha, Daoine Déghnéasacha, Daoine Trasinscneacha agus Daoine Idirghnéasacha (*LGBTI+*) iad in Éirinn.

#### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 01 670 6223  
Luan-Aoine  
9am-1pm & 2pm-5pm  
**Ríomhphost:**  
info@belongto.org  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.belongto.org](http://www.belongto.org)

### Líne Chabhrach Náisiúnta do Leispiagh, Daoine Aeracha, Daoine Déghnéasacha & Daoine Trasinscneacha (*LGBT*)

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Cuireann líne chabhrach náisiúnta LGBT seirbhís tacaíochta neamhbhreithiúnach agus faoi rún ar fáil.

#### Sonraí Teagmhála:

**Líne Chabhrach:**  
1890 929539  
7pm-9pm Luan-Aoine  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.lgbt.ie](http://www.lgbt.ie)

### Sláinte Ghnéis an Iarthair

#### Description of Services:

Eolas agus tacaíocht úsáideach maidir le gach gné a bhaineann le VEID/SEIF chomh maith le STIanna agus sláinte gnéis.

#### Contact Details:

**Uimhir Ghutháin:** 091 566266  
**Ríomhphost:**  
info@sexualhealthwest.ie  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.sexualhealthwest.ie](http://www.sexualhealthwest.ie)

### Teach Solais

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Is ionad acmhainní LGBT é Teach Solais atá lonnaithe i gcathair na Gaillimhe do gach ball de phobal LGBT na Gaillimhe, a dteaghláigh, a gcairde agus an pobal i gcoitinne, a chiallaíonn gur áit níos ionchuimsithí í Gaillimh. Is féidir bualadh isteach sa Teach Solais gach Satharn idir 2-4pm.

#### Sonraí Teagmhála:

**Seoladh:**  
1, Plás Victoria, Gaillimh.  
**Ríomhphost:**  
resourcecentre@amachlgbt.com  
**Láithreán Gréasáin:**  
[www.amachlgbt.com](http://www.amachlgbt.com)

## Seirbhísí Faisnéise & Seirbhísí Sláinte an Lucht Siúil

### Grúpa Tacaíochta Lucht Siúil na Gaillimhe

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Féachann an grúpa seo le comhionannas agus féintreorú a bhaint amach don lucht siúil trí chur chuige forbartha pobail a úsáid.

#### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 091 765390

### Seirbhís Comhairleoireachta an Lucht Siúil

#### Tuairisc na Seirbhíse:

Seirbhís Comhairleoireachta don Lucht Siúil a chumhdaíonn Cathair agus Contae na Gaillimhe.

#### Sonraí Teagmhála:

**Teileafón:** 087 6379074

## **Leabharliosta**

### **Arna Rochtain:**

<https://www.mentalhealthireland.ie/five-ways-to-wellbeing/>

<http://www.supportme.ie/support-services.php?c=4&l=Galway>

<http://www.supportme.ie/support-services.php?c=4&l=Galway>

[https://www.helpguide.org/articles/healthy-living/  
the-mental-health-benefits-of-exercise.htm](https://www.helpguide.org/articles/healthy-living/the-mental-health-benefits-of-exercise.htm)

[www.alive2thrive.ie](http://www.alive2thrive.ie)

[http://www.grd.ie/programmes/  
local-community-development programme](http://www.grd.ie/programmes/local-community-development-programme)